Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2021
(OR. en)

6365/1/21
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2010/0112(NLE)

AVIATION 38
RELEX 130
USA 3

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH (AE) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE an … maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a leasú<br>– Comhaontú i bprionsabal<br>– Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 5 Meitheamh 2003, thug an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh sainordú don Choimisiún comhaontú cuimsitheach aeriompair a chaibidil le Stáit Aontaithe Mheiriceá[1]. Síníodh an Chéad Chomhaontú Aeriompair idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe an 25 agus an 30 Márta 2007. Dhaingnigh na páirtithe uile é, agus tá sé i bhfeidhm anois ón 29 Meitheamh 2020. Ag eascairt as seoladh na caibidlíochta ar an dara céim i mí na Bealtaine 2008, cuireadh inisealacha leis an Dara Comhaontú Céime (i bhfoirm an Phrótacail thuasluaite) sa Bhruiséil an 25 Márta 2010.

2. An 3 Bealtaine 2010, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle na tograí uaidh le haghaidh Cinntí ón gComhairle maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Dara Comhaontú (9296/10 agus 9435/10 REV 1 faoi seach).

3. Ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú an Chomhaontaithe an 24 Meitheamh 2010, agus síníodh an Comhaontú an lá céanna, i Lucsamburg, faoi réir a thabhairt i gcrích dáta níos faide anonn.

1 11322/03 RESTREINT UE

4. Foilsíodh an Cinneadh maidir le síniú an Chomhaontaithe agus an Comhaontú féin san Iris Oifigiúil an 25 Lúnasa 2010[2].

5. Chuir na Ballstáit uile an próiseas daingniúcháin i gcrích an 4 Meitheamh 2019, seachas Poblacht na Cróite, ach tá sé beartaithe go n-aontóidh Poblacht na Cróite don Chomhaontú i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear san Ionstraim Aontachais atá i gceangal lena Conradh Aontachais an 5 Nollaig 2011.

6. An 22 Eanáir 2021, thíolaic an Coimisiún togra leasaithe maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe thuasluaite, d'fhonn, go háirithe, breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 28 Aibreán 2015 i gcás C-28/12 a chur san áireamh.

7. Scrúdaigh an Mheitheal um Eitlíocht an dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe agus tháinig sí ar chomhaontú ina leith ag an bhfischomhdháil neamhfhoirmiúil a bhí aici an 23 Feabhra 2021.

8. Tar éis an scrúdaithe a rinneadh air ar leibhéal na meithle, rinne seirbhísí dlí agus teanga na Comhairle athbhreithniú ar théacs an Chinnidh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích.

9. Tugtar faoi deara, i gcomhréir le hAirteagal 129 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (dá ngairtear 'an Comhaontú um Tharraingt Siar' anseo feasta), gur déileáladh leis an Ríocht Aontaithe mar Bhallstát den Aontas agus de Euratom chun críocha comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, nó ag Ballstáit ag gníomhú dóibh thar ceann an Aontais, nó ag an Aontas agus a Bhallstáit go comhpháirteach le linn na hidirthréimhse a bunaíodh le hAirteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, agus go raibh sí faoi cheangal ag na hoibleagáidí a d'eascair as na comhaontuithe sin. Ag deireadh na hidirthréimhse an 31 Nollaig 2020, scoir an Prótacal reatha d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe. Ón dáta sin ar aghaidh, níl aon éifeacht a thuilleadh ag tagairtí don Ríocht Aontaithe sa Phrótacal.

[2] IO L 223, 25.8.2010, lch. 1.

10. D'fhonn ullmhú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, i mír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, cinneadh a dhéanamh an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar atá in 6385/21 ó na dlítheangeolaithe, mar aon le téacs an Chomhaontaithe in 9913/10 a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.